Conradh na Gaeilge

# Aighneacht

do

Phlean Forbartha

Chathair Bhaile Átha Cliath

de chuid

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Feabhra 2021

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Plean Forbartha Cathair Bhaile Átha Cliath faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Is í aidhm an aighneacht seo go n-iarrfar go mbeidh Pobal na Gaeilge i gCathair Bhaile Átha Cliath san áireamh sa Phlean Forbartha agus a chúinsí sochtheangeolaíochta nuair atá pleanáil ar siúl sa cheantar.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le pobal mór Gaeilge faoi do chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge i gCathair Bhaile Átha Cliath. Is tríd an bPlean Forbartha seo gur féidir díriú ar sin.

## POBAL NA GAEILGE I gCATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

De réir an daonáirimh dheireanaigh i 2016 tá 156,436 duine in ann Gaeilge a labhairt. Sin 29.2% den daonra, tá an céatadán sin níos ísle ná an meán náisiúnta de 39.8%. Tá gá dul i ngleic leis seo agus go mbeidh an céatadán ag teacht leis an meán náisiúnta nó níos mó.

Tá 6,631 cainteoir laethúil i limistéir an chomhairle taobh amuigh den chóras oideachais.

Tá pobal mór Gaeilge i gCathair Bhaile Átha Cliath ina bhfuil naíonraí, Gaelscoileanna, Gaelcholáistí, cúrsaí 3ú leibhéal trí Ghaeilge, ciorcail comhrá, ranganna Gaeilge, Pop-Up Gaeltachtaí, Ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge, An Siopa Leabhar, Club Chonradh na Gaeilge, Oifig an Oireachtais, Ceanncheathrú Ógras, Oifig Sheachtain na Gaeilge, Raidió Rí-Rá, Raidió na Life, craobhacha de Chonradh na Gaeilge, coistí de Ghlór na nGael, Foras na Gaeilge, clubanna óige trí Ghaeilge, coistí tuistí agus leanaí, grúpa sainspéiseanna ar nós Na Gaeil Óga, Aisteoirí Bulfin, Na Cnocadóirí, Cór Duibhlinne agus go leor eile.

## SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH 2015 - 2018

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an dara scéim teanga, ach mar atá luaite sa teideal bhí sé le críochnú i 2018. Is fiú uasdátú a dhéanamh ar an scéim teanga agus an tríú scéim teanga a ullmhú. Ag breathnú tríd an scéim tá pleanáil luaite, ach níl aon tagairt ann ar conas a bheidh an phleanáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chathair. Is é seo príomhchathair na hÉireann agus bíonn cainteoirí Gaeilge ina chónaí agus ag dul ar chúirt go dtí an chathair go minic.

## AN PLEAN FORBARTHA CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2016 - 2022

Ní raibh Plean Forbartha Cathair Bhaile Átha Cliath 2016 - 2022 ar fáil as Gaeilge (nó ní raibh muid in ann teacht air). Ba chóir go mbeadh an Plean Forbartha ar fáil as Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ‘10. —D'ainneoin aon achtacháin eile, déanfaidh comhlacht poiblí (seachas comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha chlásal (b) de mhír 1(5) den Chéad Sceideal) na doiciméid seo a leanas, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla:

(a) aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;’

Tá tagairtí ann den Ghaeilge sa phlean forbartha a deir: ‘6. Maximise opportunities and support for the creative industries and cultural and artistic sectors to develop. Promote the Irish language and access to cultural experiences for all through the provision of diverse cultural artistic programming’

‘CHC35: To highlight the profile of the Irish language in the urban environment, and support the Irish language as reflected in local history/ folklore/place-names and that such place names are stated in Irish.’

Is fís na tagairtí seo ach ní spriocanna intomhaiste iad. Tá gá mar sin go mbeidh cur síos níos fearr ar ghníomhaíochtaí an chomhairle i leith na Gaeilge sa phlean.

## PLEAN FORBARTHA CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH Ó 2022 – 2028 - COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ (AR CHÉIM RÉAMHDRÉACHTA AN PHLEAN) PÁIPÉAR SAINCHEISTEANNA STRAITÉISEACHA ACHOIMRE AR NA SAINCHEISTEANNA RÉAMHDHRÉACHTA

**Níl tagairt ar bith** don Ghaeilge sa cháipéis seo, rud a chuireann díomá ar Chonradh na Gaeilge. An tagairt is cóngaraí ná ‘9. Cultúr – ár n-ealaíona agus ár n-oidhreacht chultúrtha a chothú agus a fhorbairt.’ Luaitear faoi chultúr ‘Aithníonn an Chomhairle Cathrach go ndéanann spásanna cultúrtha áit mhealltach den chathair le cónaí agus le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air.’

## SAINCHEISTEANNA SA PHLEAN FORBARTHA

**An Chathair a mhúnlú**


Le forbairt Uimhir 6, Sráid Fhearchair mar lárionad Gaeilge na Cathrach, méadú i spéis sa teanga (go háirithe i measc daoine óga), fás chóras na gaelscolaíochta agus eile ba chóir breathnú ar na tailte agus foirgnimh gur féidir a chur ar fáil d’fhorbairt an infreastruchtúr a fhreastalóidh ar riachtanach an phobail i leith na Gaeilge. Mar shampla tá gá le Gaelcholáiste a bhunú i mBaile Átha Cliath 6 / 6W, ach níl talamh aimsithe don Ghaelcholáiste go fóill.


**Tithíocht Ardchaighdeáin agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe**


- Ba chóir go mbeadh ainm gach eastáit tithíochta i nGaeilge amháin mar atá déanta i nGaillimh le beannacht Comhairle Cathair na Gaillimhe. Thabharfadh seo spreagadh agus chinnteodh sé níos mó feiceálacht don teanga i limistéir CCBÁC
- De réir An Bord Pleanála níl bac ann ainm eastáit tithíochta a bheith i nGaeilge amháin. Seo a dúirt siad ‘Is gnáthchleachtas é don Bhord, nuair a thugann siad cead d’fhorbairtí cónaithe, coinníoll a dhéanamh go n-aontóidh an forbróir agus an t-údarás pleanála an t-ábhar seo. Faoin ngnáthchoinníoll, is gá comhaontú idir an forbróir agus an t-údarás pleanála maidir le hainm/uimhriú, ní ghlacann an Bord aon pháirt eile sa scéal. Tabharfaidh roinnt údarás pleanála a dtreoir féin ar an ábhar (e.g. b’fhéidir go gcaithfear stair/cultúr srl. na háite a léiriú san ainmniú)’.
- Ba chóir plé a dhéanamh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi conas a chuireann siad i bhfeidhm a pholasaí i dtaobh ainmneacha eastáit tithíochta.
- Ba chóir Coiste Logainmneacha Gaeilge BÁC a bhunú le tacaíocht a chur ar fáil d’aon fhorbróir agus don Chomhairle Cathrach le cinntiú go mbeidh ainmneacha as Gaeilge amháin amach anseo ar gach eastáit tithíochta nua
- B’fhiú eastáit tithíochta amháin a fhorbairt le cainteoirí laethúla Gaeilge, i dtréimhse an phlean forbartha, leis na seirbhísí cuí

**Geilleagar na Cathrach**

Ba chóir a leithéid de 'Gaillimh le Gaeilge' a chur ar bun leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc gnónna na cathrach. Chabhródh seo le normalú agus spreagadh íomhá agus stádas na Gaeilge. Bheadh na gnónna in ann buntáiste a bhaint as an teanga mar phointe uathúil díolacháin. Feic an taighde thíos ó Kantar:






**Gluaiseacht agus Iompar Inbhuanaithe**

Ba chóir leanúint leis an gcomharthaíocht sráide a thugann stádas agus feiceálacht láidir don Ghaeilge.

**An Chathair, Sráidbhailte Uirbeacha agus Miondíol**

Tá Uimhir 6, Sráid Fhearchair le forbairt mar lárionad Gaeilge na Cathrach. Ba chóir ceathrú Gaeilge a bhunú timpeall air sin. Tá Scoil Synge á iompú ina ghaelscoil faoi láthair agus tá neart gaelscoileanna idir Raghnallach agus Cros Aralt. D'fheadfaí tionchar a imirt ar na gnónna idir siopaí agus bialanna sa cheathrú seo le comharthaíocht agus seirbhísí a chur a chur ar fáil trí Ghaeilge. Thabharfadh seo fócas don phobal ó thaobh na Gaeilge de agus chuirfí seirbhísí ar fáil as Gaeilge ann. Bheadh eispéiris uathúil ann don turasóir cultúrtha sa cheathrú seo chomh maith idir teanga, ceol, damhsa, srl.

**Bonneagar Glas, Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire agus Oidhreacht Nádúrtha**

Ba chóir an Ghaeilge - idir comharthaíocht agus imeachtaí - a bheith san áireamh i bpleanáil, forbairt agus soláthar seirbhísí ón gComhairle Cathrach.

Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí reatha ó thaobh na Gaeilge de, na bearnaí a aithint agus soláthar a chur ar fáil leis na bearnaí a líonadh. Ba chóir gach seirbhís a thógáil san áireamh, m.sh. ranganna snámha as Gaeilge a chur ar fáil sna hionaid fóillíochta. Is gá ansin tairiscint gníomhach a dhéanamh ar na seirbhísí sin as Gaeilge.

Is maith é an bunú an Fhochoiste Gaeilge de SPC na hEalaíne, Cultúr agus Fóillíochta. Ba chóir plean teanga a bhunú don chathair faoi stiúir an fhochoiste seo agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil dó.

Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge tógtha san áireamh ag céim na forbartha d'aon áis nua don phobal sa chathair. Mar shampla, níor cuireadh an Ghaeilge san áireamh san fhorbairt 'Culture Near You' agus níl aon fhéidearthacht an córas nua a úsáid as Gaeilge. Cosnóidh sé airgead seo a athrú anois go bhfuil an botún déanta. Dá mbeadh an Ghaeilge san áireamh ón tús ní bheadh gá le breis airgid nó bheadh i bhfad níos lú airgid ag teastáil. Tá buntáiste faoi leith, mar sin, as an nGaeilge a chur san áireamh i gcónaí sa chéim forbartha.

**Cultúr**

Tá Uimhir 6, Sráid Fhearchair le forbairt mar lárionad Gaeilge na Cathrach. Ba chóir ceathrú Gaeilge a bhunú timpeall air sin. Tá Scoil Synge á iompú ina ghaelscoil faoi láthair agus tá neart gaelscoileanna idir Raghnallach agus Cros Aralt. D'fheadfaí tionchar a imirt ar na gnónna idir siopaí agus bialanna sa cheathrú seo le comharthaíocht agus seirbhísí a chur a chur ar fáil trí Ghaeilge. Thabharfadh seo fócas don phobal ó thaobh na Gaeilge de agus chuirfí seirbhísí ar fáil as Gaeilge ann. Bheadh eispéiris uathúil ann don turasóir cultúrtha sa cheathrú seo chomh maith idir teanga, ceol, damhsa, srl.

Agus Sráid Uí Mhúraigh á fhorbairt, ba chóir úsáid na Gaeilge mar dhlúthchuid den fhorbairt seo a chur san áireamh, mar atá molta cheana féin 'As well as the above and, in line both with the National Development Plan 2018 – 2027 – Project Ireland 2040 - and the Securing History report, the possibility of a Museum, a public multiplexed cultural exhibition, traditional music and Irish language facilities, lecture and performance space, artists' workshops and Creative Commons,and a public library of Irish language literature/speech/song (including for children) is being contemplated.'

Ba chóir tacaíocht a chur ar fáil don ionad Gaeilge in Inse Chór faoi riar ag Craobh de chuid an Chonartha.

## CONCLÚID

Tá cumhacht agus an deis ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an Ghaeilge a normalú sa Phlean Forbartha nua seo. Is féidir é seo a dhéanamh tríd na moltaí atá luaite againn thuas ar nós Ceathrú Gaeltachta a bhunú le hUimhir a 6 lárnach ann, eastáit tithíochta nua le hainmneacha as Gaeilge amháin, forbairt eastáit tithíochta do lucht labhartha na Gaeilge a thógáil (Gaeltacht uirbeach) agus cinntiú go mbíonn seirbhísí as Gaeilge san áireamh sna rannóga éagsúla ag CCBÁC. Tá súil ag Conradh na Gaeilge go dtógfar ár moltaí ar bord.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil le plé faoin aighneacht seo ar do chaoithiúlacht.